

Preasráiteas

Toghchán an Uachtaráin - Dátaí Tábhachtacha

Tá sé fógartha ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Eoghan Murphy TD inniu (an 28 Lúnasa 2018) go bhfuil Ordú déanta aige do Thoghchán an Uachtaráin i ndáil le toghchán an Uachtaráin a bheidh ar siúl go luath agus ina leagtar amach dátaí tábhachtacha sa phróiseas toghcháin, mar seo a leanas:

An dáta deiridh a nglacfar le hainmniúcháin: An 26 Meán Fómhair 2018

An lá a mbeidh an toghchán ar siúl: An 26 Deireadh Fómhair 2018

Uaireanta vótála: 7.00 a.m. go 10.00 p.m.

Tá Barry Ryan, Príomhoifigeach sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ceaptha freisin ag an Aire ina Cheann Comhairimh do Thoghchán an Uachtaráin. Is é an seoladh atá ag Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin chuig ar féidir páipéir ainmniúcháin agus cumarsáid eile a sheoladh: Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1.

Ón 10 a.m. an 30 Lúnasa go dtí 12 meán lae an 26 Meán Fómhair 2018 an tréimhse inar féidir ainmniúchán a dhéanamh.

Tá gach Saoránach de chuid na hÉireann atá 18 mbliana déag d'aois agus ar chlár toghthóirí dailcheantair i dteideal vóta a chaitheamh sa toghchán Tá vóta ag 3.3 milliún duine faoi láthair.

Tá am fós ag daoine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ach nach bhfuil cláraithe ina dtoghthóirí le hiarratas a dhéanamh a n-ainm a chur leis an bhforlónadh a ghabhann le clár na dtoghthóirí atá le foilsiú roimh lá na vótála agus a bheidh, dá réir sin, in ann vóta a chaitheamh an 26 Deireadh Fómhair 2018. Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó www.checktheregister.ie nó a fháil ón gComhairle Cathrach, ón gComhairle Contae nó ón gComhairle Cathrach agus Contae cuí. Le bheith incháilithe le hainm a chur leis an bhforlónadh a ghabhann le clár na dtoghthóirí ní mór do dhuine a bheith ina shaoránach de chuid na hÉireann, a bheith 18 mbliana d'aois faoi lá na vótála agus gnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát.

Ní mór d'iarratais le hainm a chur leis an bhforlíonadh a shíniú i láthair bhall den Gharda Síochána nó i láthair oifigeach de chuid na Comhairle Cathrach, na Comhairle Contae nó na Comhairle Cathrach agus Contae murar féidir le duine dul chuig an Stáisiún áitiúil Gardaí. Ní mór cúis a thabhairt nach rabhthas in ann dul chuig an Stáisiún Gardaí. Ní mór teastas dochtúra a bheith in éineacht le foirm iarratais sa chás nach féidir le duine freastal ar Stáisiún Gardaí ná ar an gComhairle Cathrach, ar an gComhairle Contae, nó ar an gComhairle Cathrach agus Contae de bharr tinnis coirp nó míchumas. Is an **9 Deireadh Fómhair 2018** an dáta deiridh a nglacfaidh an Chomhairle Cathrach, an Chomhairle Contae nó an Chomhairle Cathrach agus Contae cúí le foirmeacha iarratais comhlánaithe don fhorlíonadh.

Má tá duine incháilithe le vóta a chaitheamh tríd an bpost, nó más rud é nach bhfuil siad in ann vóta a chaitheamh i bpearsa de bharr tinnis nó míchumas coirp agus más cónaitheoir é in ospidéal, i dteach altranais nó in ionad cúraim dá leithéid, agus mura bhfuil siad ar Liosta na bPostvótálaithe nó ar Liosta na Vótálaithe Speisialta, is féidir leo iarratas a dhéanamh a n-ainm a chur leis an bhforlíonadh a ghabhann leis na liostaí sin. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ón gComhairle Cathrach, ón gComhairle Contae nó ón gComhairle Cathrach agus Contae a chuirfidh comhairle ar dhaoine maidir leis na socruithe cúí i ndáil leis an bhfoirm ábhartha a chomhlíonadh. Ní mór foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an gComhairle Cathrach, ag an gComhairle Contae nó ag an gComhairle Cathrach agus Contae cúí tráth nach déanaí ná an **1 Deireadh Fómhair 2018**.

CRÍOCH